


# B



- 3 - Ag caint is ag comhrá...
- 4 - Rannta, amhrán agus dánta
- 5 - Scéalaíocht



# Clár

An chaint sa scoil	2
Ceisteanna oscailte agus ceisteanna druidte	3
Ag comhrá le páistí	4
Seal ag éisteacht	5
Cluichí cainte agus éisteachta	6
Scileanna cainte agus éisteachta	7
Ag caint agus ag éisteacht le do pháiste fhéin	8
An cuimhneach libh na rannta seo?	9
Patrúin fuaimé a chluinstin	10
Amhráin agus rannta aicsin	11
Ag súgradh le rím	12
Cnámha an Scéil	13-14a
Bosca scéalaíochta	15
Páistí ag scéalaíocht	16
Casadh sa scéal	17
Puipéid a dhéanamh	18
Ag Scéalaíocht	19



## An Chaint sa scoil

I ndiaidh don pháiste gabháil ar scoil, tá sé iontach tábhachtach go gcuirfeadh sí eolas ar nósanna an tseomra ranga agus ar an chineál chainte a bhíos ann. Rud iontach tábhachtach atá ann d'fhéinmhuiún an pháiste.

Thig leat cuidiú le do pháiste féineolas a chur ar shaol an tseomra ranga.

Sula dtéann do pháiste ar scoil ar chor ar bith, bí ag imirt cluichí léi - ag ligean oraibh fhéin gur sa scoil atá sibh.

B'fhéidir go mbeadh deirfiúr nó deartháir sásta a bheith 'ag múineadh' dá dheirfiúr óg caidé an cineál áite atá sa scoil.

I ndiaidh don pháiste tamalt a chaitheamh ar scoil, lig di bheith ina 'múinteoir' agus lig ort fhéin gur duine de na daltaí thú.

Bhéarfaidh seo seans don pháiste ansin a chur in iúl duitse caidé go díreach a shíleann sí a dhéanann múinteoirí agus caidé na rudaí a mbíonn siad ag súil leofa.

Níor mhiste iarraidh uirthi pictiúr a tharraingt de sheomra ranga nó tú fhéin cuidiú léi pictiúr a tharraingt.

Cuir ceisteanna uirthi fá áiteacha:

Cá mbíonn tusa i do shuí?      Cá mbíonn an múinteoir ina shuí/ina suí?

Cá bhfuil an leithreas?      Cá bhfágann tú do chóta agus do mhála?

Cuir ceisteanna uirthi fá chúrsaí ama:

Cá huair a bhíos sos agaibh? Caidé a dhéanann tú ag am sosa?

Cuir ceisteanna uirthi fá na focla a úsáideann sí:

Caidé a deir tú nuair a chaithfeas tú gabháil go dtí an leithreas?

Cén t-ainm a thugann sibh ar an mhúinteoir?

Cuir ceisteanna fán dóigh a gcaitheann siad an lá:

Caidé an chéad rud a dhéanann sibh nuair a bhaineann sibh teach na scoile amach?

Cuir ceisteanna fá na rudaí a bhfuil dúil aici iontu agus na rudaí nach bhfuil dúil ar bith aici iontu:

An raibh dúil agat sa scéal a léigh an múinteoir inniu? Cad chuige?

## Ceisteanna oscailte agus ceisteanna druidte

Nuair a chuirtear 'ceist dhruidte' ar dhuine, bítear ag súil le freagra nach mbeadh móran níos faide ná 'tá' nó 'níl', mar shampla:

'An raibh lá maith agat ar scoil inniu?'

'An bhfuil tú ag iarraidh milseáin?'

'An ndeachaigh tú go dtí an siopa?'

Nuair a chuirtear 'ceist oscailte' ar dhuine, bítear ag súil le breis eolais agus is gnách go gcaithfidh tú smaoineamh sula bhfreagraíonn tú an cheist:

'Caidé a rinne sibh ar scoil inniu?'

'Caidé atá tú ag iarraidh don dinnéar?'

'Cá háit a ndeachaigh sibh inniu?'

'Inis domh fán phictiúr seo a rinne tú inniu.'

Nuair is **ceist oscailte** a chuirtear ar an pháiste, caithfidh sé tuilleadh focla a úsáid leis an cheist a fhreagairt. Is ionann sin agus a rá go gcaithfidh sé a chuid smaointe a chur in eagarr leis an cheist a fhreagairt mar ba cheart.



## Ag comhrá le páistí

Bí cinnte go mbíonn am agat comhrá a dhéanamh leis an pháiste. Más mian leat scileanna léitheoireachta an pháiste a fhorbairt, caithfidh tú í a spreagadh le scileanna cainte a fhoghlaim.

Tabhair deiseanna don pháiste a cuid smaointe a chur i bhfriotal. Ná déan dearmad go bhfuil deiseanna cainte ag baint le hachan uile rud a dhéanaimid - cluichí a imirt, siopadóireacht, bonnóga a bhácáil agus araile.

Iarr ar an pháiste na rudaí atá á ndéanamh aici a mhíniú duit, nó cur síos ar rudaí agus ar bharúlacha nó fiú a cuid smaointe a chur i bhfriotal duit. Bíodh tusa ag cur ceisteanna go minic: cé, cá huair, cá háit, cad chuige agus cén dóigh.

Bí ag teagasc ainmneacha rudaí don pháiste. Iarr uirthi a méar a shíneadh i dtreo rudaí agus na rudaí sin a ainmniú. Bí ag iarraidh uirthi cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir rudaí a thabhairt fá deara.

Bí ag teagasc focla di a bhaineann le suíomh agus treo, am, méid agus crot.

Is é an rud is tábhachtaí ar fad ná a chur in iúl don pháiste go síleann tú cuid mhór dá hiarrachtaí cainte. Bí á moladh agus á spreagadh go minic.

Cuideoidh seo le:

- scileanna folcóra a fhorbairt,
- scileanna cumarsáide a fhorbairt,
- féinmhuiún a chothú.

Ní i gcónai a bhíonn an t-am agat le comhrá a dhéanamh le do pháiste, agus bíonn amanna ar leith ann a bhíos fóirsteanach do theaghláigh ar leith. Dar le tuismitheoirí gurb iad seo a leanas na hamanna is fearr:

- |                                |   |
|--------------------------------|---|
| • am dinnéir, lóin agus araile | • am luí                                |
| • am folctha                   | • i ndiaidh an obair baile a chríochnú  |
| • is iad sa charr le chéile    | • le linn siúlóide                      |
| • is iad ag siopadóireacht     | • le linn daofa a bheith ag cócaireacht |

Caidé na hamanna is fóirsteanáí daoibhse?

# Seal ag éisteacht

Is é an bealach is fearr le scileanna éisteachta a theagasc don pháiste ná tú fhéin cluas le héisteacht a chur ort le linn di a bheith ag caint leat.

Bí cinnte agus:

- Amharc sna súile uirthi le linn duit a bheith ag caint léi.
- Bí foighdeach i gcónai.
- Tabhair a saith ama di lena bhfuil le rá aici a rá nó lena scéal a inse.
- Abair thusa rud inteacht fán méid a d'inis sí duit.
- Cuir ceisteanna oscailte uirthi le í a spreagadh le tuilleadh eolais a thabhairt.
- Iarr uirthi a scéal a inse nó an t-eolas a thabhairt do dhuine eile den teaghlaigh.
- Is gnách le páistí a bheith fiosrach agus ba cheart an fhiorsacht sin a chothú.
- Cuir ceist uirthi caidé an bharúil atá aici fána leithéid seo agus fána leithéid siúd.
- Lig di labhairt gan chur isteach ar a cuid cainte.
- Bí á moladh as fanacht go foighdeach lena seal cainte fhéin.
- Tabhair buíochas di as eolas a thabhairt duit.

Bhur gcuid smaointe fhéin:

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

# Cluichí cainte agus éisteachta

- Cluinim le mo chluaisín beag...
- Chuaigh mé chun an tsiopa a cheannacht...
- Chuaigh mé chun an zú ag amharc ar...
- Aibítir na nAinmhithe (.i. 'A' fá choinne Asal, 'B' fá choinne Bó agus mar sin de)
- Fiche ceist
- *Iasc sa linn*
- *Simon Says*
- Céimeanna móra agus céimeanna beaga
- Biongó
- Cluichí boird

Bhur gcuid smaointe fhéin:

---

---

---

---


---

---

---

---

# Scileanna cainte agus éisteachta



Ainm

Aois

Déan cóip fá choinne achan pháiste



## Ag caint agus ag éisteacht le do pháiste fhéin

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí seo agus bain triail as í a dhéanamh le do pháiste fhéin am inteacht le linn na seachtaine

1. Ceisteanna oscailte agus ceisteanna druidte
2. Ceann de na cluichí cainte agus éisteachta
3. Dul fríd an liosta de scileanna cainte agus éisteachta

Cén ghníomhaíocht a phioc tú?

---

---

---

Cá huair a bhain tú triail aisti?

---

---

---

Caidé a d'fhoghlaim tú fá scileanna cainte agus éisteachta an pháiste?

---

---

---

Ar bhain tú fhéin agus an páiste sult as an obair? Caidé na rudaí a raibh dúil agaibh iontu?

---

---

---



# An cuimhneach libh na rannta seo?

Chuaigh an mhuc seo chun aonaigh  
D'fhan an mhuc seo sa bhaile  
Fuair an mhuc seo im agus arán  
Agus chan fhuair an mhuc seo dadaidh  
"Bhuíoc, buuíoc, buuíoc" arsa an muicín  
"Cá bhfuil mo chuidse?"

...

Cé leis thú?  
Le mo dhaidí.  
Cé hé do dhaidí?  
Fear mo mhamaí.  
Cé hí do mhamaí?  
Bean mo dhaidí.  
Cén t-ainm atá ar do dhaidí?  
An t-ainm atá orm fhéin.  
Cén t-ainm sin?  
Ainm mo dhaidí.

...

An maidrín rua, rua, rua, rua, rua  
An maidrín rua atá gránna  
An maidrín rua ina shuí sa luachair  
Agus barr a dhá chluas in airde.

...

Rolaí Rolaí suas le balla  
Rolaí Rolaí anuas go tapa.  
Dá dtiocfadh na Fianna agus Tuatha Dé  
Danann  
Ní chuirfeadh siad Rolaí mar 'bhí sé  
cheana.

...

A haon a dó a trí  
Luchógaí beaga buí  
Ag ithe phíosa cáise  
I ngan fhios do bhean an tí.

...

Dhá éinín bheaga thuas sa chrann  
Sin é Peadar, sin é Pól.  
Imigh uainn, a Pheadair!  
Imigh uainn, a Phóil!  
Tar ar ais, a Pheadair!  
Tar ar ais, a Phóil!

...

A sheanbhean, a sheanbhean  
A sheanbhean, a sheanbhean  
A sheanbhean, a sheanbhean  
An ólfá braon tae?

D'ólfaínn, arsa an tseanbhean  
Dá mbeadh siúcra agus bainne ann  
D'ólfaínn lán an channa de  
Dá bhfaighinn uait é.

...

A haon, a dó  
Caora is bó  
A trí a ceathair  
Mála leathair  
A cúig a sé  
Cupán deas tae  
A seacht a hocht  
Seanbhean bhocht  
A naoi a deich  
Pingin go leith!

...

A haon don mhí-ádh  
A dó don ádh  
A trí don mheidhir  
A ceathair don chrá  
A cúig don airgead  
A sé don ór  
A seacht do rún fá chlúid go deo.

...

# Patrún fuaime a chluinstin

De réir a chéile, foghlaimíonn páistí na fuaimeanna a dhéanann litreacha istigh sna focla a chluin siad. Tá siad ábalta 'patrún fuaime' a dhéanamh amach. Aithníonn siad patrún fuaime atá cosúil le chéile, go háirithe ag túis agus ag deireadh focail. Cuidíonn an scil seo leofa ceangal a dhéanamh idir patrún fuaime agus patrún litreacha. Scil an-tábhachtach atá ann a chuidíonn leis an pháiste léamh agus litriú a fhoghlaim.

Cuidigh le do pháiste fhéin patrún fuaime a dhéanamh amach:

- Cuidigh leis rannta a fhoghlaim agus a rá.
- Dírigh aird an pháiste ar phatrún fuaime i bhfocla a tchí agus a chluin sé achan lá, mar shampla i gceoilíní teilifíse nó raidió.
- Bí ag léamh amach rannta nó dánta go minic.
- Bígí ag éisteacht le hamhráin nó ag ceol amhrán - macasamhail 'Teddy Beag Álainn', 'Aindí Leisciúil'.
- Déan iarracht an páiste a chur a smaoineamh ar focla a dhéanann rím lena ainm fhéin, fiú más focla gan chiall atá iontu.
- Le linn duit a bheith ag inse scéalta, bain úsáid as focla a dhéanann rím le chéile nó a bhfuil an fhuaim chéanna ag a dtús nó ag a ndeireadh: "Háigh hó hum" a dúirt an fathach nó "Bhí Labhrás Lacha ag léimnígh le lúcháir".

Rannchluichí:

- Abair thusa focal agus iarr ar an pháiste smaoineamh ar fhocal a dhéanann rím leis.
- Aithris rann inteacht agus fág focal amháin amach as, le go bhfeicfidh tú an dtig leis an pháiste an bhearna a líonadh, mar shampla:

Chuaigh an mhuc seo chun aonaigh  
D'fhan an mhuc seo sa bhaile  
Fuair an mhuc seo im agus arán  
Is chan fhuair an mhuc seo \_\_\_\_\_ (dadaidh).

- Caith focal nó beirt isteach nach bhfuil sa dán ar chor ar bith, le go bhfeicfidh tú an dtig leis an pháiste an botún a cheartú. Mar shampla:  
A haon, a dó, a trí,  
Lucha beaga buí;  
Ag ithe píosa cáise  
I ngan fhios do bhean an fheirmeara (bhean an tí).
- Bí ag imirt an chluiche úd "Tchímse le mo shúile cinn, rud inteacht a thosaíonn le, nó a dhéanann rím le..."

# Amhráin agus rannta aicsin

## Timpeall timpeall

Timpeall! Timpeall! Rotháí an chairr,  
Timpeall! Timpeall! Rotháí an chairr,  
Timpeall! Timpeall! Rotháí an chairr,  
Rotháí ag casadh timpeall!

Bíp! Bíp! Bíp! ag adharc an chairr,  
Bíp! Bíp! Bíp! ag adharc an chairr,  
Bíp! Bíp! Bíp! ag adharc an chairr,  
Géilligí don Bíp! Bíp!

...

## Tá mise ag tógáil tí


Tá mise ag tógáil tí;  
Tá mise ag tógáil tí;  
Brice anuas ar bhríce;  
Tá mise ag tógáil tí.

...

## Tá leoráí mór ag teacht

Tá leoráí mór ag teacht,  
Tá leoráí mór ag teacht,  
Fág an bealach, coinnigh isteach,  
Tá leoráí mór ag teacht.

...



Thig leat fhéin tuilleadh véarsáí a chur leis an amhrán **Timpeall, Timpeall**  
"Taraigí ar bord" a deir fear an chairr nó **Splais! Splais!** ar an bhealach fhliuch.

## Cúig Ubh

Cúig ubh istigh sa nead,  
Cearc ar gor: glug, glug, glag -  
Scoilt blaosc, scoilt sí arís,  
Tháinig sicín amach: tsip! tsip!

Ceithre ubh istigh sa nead,  
Cearc ar gor: glug, glug, glag -  
Scoilt blaosc, scoilt sí arís,  
Tháinig sicín amach: tsip! tsip!

Trí ubh istigh sa nead,  
Cearc ar gor: glug, glug, glag -  
Scoilt blaosc, scoilt sí arís,  
Tháinig sicín amach: tsip! tsip!

Dhá ubh istigh sa nead,  
Cearc ar gor: glug, glug, glag -  
Scoilt blaosc, scoilt sí arís,  
Tháinig sicín amach: tsip! tsip!

Ubh amháin istrigh sa nead,  
Cearc ar gor: glug, glug, glag -  
Scoilt blaosc, scoilt sí arís,  
Tháinig sicín amach: tsip! tsip!

...

A ladhairicín, a ladhaircín,  
Crom do cheann go glic.  
Níl tú mór,  
beag go leor;  
A ladhaircín, a ladhaircín, a mhic.

...

## Sín do lámha

Sín do lámha suas thar do cheann,  
Cas thart timpeall uair amháin,  
Déan luascadh beag anonn is anall,  
Is síos le do lámha, síos go mall!



## Ag súgradh le rím

Roghnaigh gníomhaíocht ón leathanach Patrúin fuaime a chluinstin.

Cén gníomhaíocht a phioc tú?

---

---

---

Caidé na rudaí a raibh dúil ag do pháiste iontu?

---

---

---

Cad iad na ceoilíní raidió nó teilifíse atá ar eolas ag do pháiste?

---

---

---

An dtig leat smaoineamh ar chineálacha eile ríme a bhíos le cluinstin sa bhaile?

---

---

---



# Cnámha an Scéil

Tá an scéalaíocht rud beag cosúil leis an chócaireacht. Thig leat do rogha rud a chaitheamh isteach sa phota, ach bí cinnte agus 'cnámha an scéil' a bheith ann.

## 1. I dtús báire, inis don lucht éisteachta cad é atá 'sa phota' agat.

(Tá neart dóigheanna ann le túis a chur ar scéal, macasamhail 'Bhí fear ann i bhfad ó shin' nó 'Lá de laethanta agus uair de na huaireanta' nó 'Is cuimhin liomsa nuair a ...')

Ar inis mé scéal an chailín aimsire duit riamh?

## 2. Ná déan dearmad a inse daofa cé a bhí ann, caidé a bhí ann, cá huair a bhí sé ann agus cá háit.

(Scéal Cinderella atá againne, ach thiocfadh scéal ar bith a úsáid chomh maith céanna.)

Bhuel, bhí bean ann darbh ainm Máire, agus fuair sí post i dteach mór galánta in aice le baile Dhún na nGall. Bhí triúr deirfiúr ina gcónai sa teach agus leoga bhí saol ar dóigh acu sin. Ach má bhí fhéin, ní raibh siad maith don chailín aimsire. Ba ghnách leosan luí sa leaba go dtí meán lae ag coimhéad teilifíse. Bhíodh bia agus deoch ón siopa acu, agus éadaí galánta ó na catalóga. Ní raibh pioc oibre le déanamh acu ach ina suí thart ag geabaireacht agus ag inse do Mháire bhocht seo agus siúd a dhéanamh. Bhí aicise le hobair an tí ar fad a dhéanamh: na soithí a ní, an dinnéar a dhéanamh, an t-urlár a scuabadh. Arú, bhí obair do sheachtar ann. Agus ní raibh a cuid páighe mór go leor le héadaí faiseanta a cheannach. Ní raibh aici ach na seanéadaí globalacha nach raibh de dhíth ar na mná eile. Bhí trua ag achan duine do Mháire bhocht.

Ach bhí rud amháin aici nach raibh ag na deirfiúracha. Cailín dóighiúil a bhí inti agus níl fear óg ar bith dá bhfaca í nár thit i ngrá léi. Bhí sí deas séimh forsta, agus bhí dúil ag achan duine inti, ach ní minic a bhíodh seans aici gabháil amach agus cuideachta a bheith aici. Bhí na deirfiúracha in éad go mór léi, agus ní ligeadh siad amach as an teach í. Leoga, ba iad an triúr gan dóigh gan mhaise iad, agus ní raibh duine ar bith ag iarraidh am ar bith a chaitheamh ina gcuideachta. Bhí iontas orthu, mar sin, nuair a fuair siad cuireadh gabháil go dtí an Dinnéar Bliantúil sa Chlub Gailf ar an bhaile mhór. Bhuel, fuair muintir an tí uilig cuireadh, ach bí cinnte nach raibh siad ag iarraidh Máire teacht leofa. Bhí fir ghnó an bhaile le bheith ann, agus, ar ndóigh, shíl achan duine de na deirfiúracha go bhfaigheadh sí fear céile saibhir ann. Na hóinsigh!

## Cnámha an Scéil

### 3. Ardaigh an teas, rud beag.

(Bíonn casadh sa scéal i gcónaí. Níor bhí fhiú éisteacht leis mura mbeadh.)

Bhuel, tháinig an oíche mhór agus d'imigh na deirfiúracha. Bhí éadaí breátha orthu agus bróga leathair agus fáinní óir agus airgid ach, má bhí fhéin, bhí siad chomh gránna agus a bhí siad riamh. D'fhan Máire sa teach agus a croí bocht ag briseadh le cumha. "Níl sé ceart ná cóir," a dúirt sí. "Cad chuige nach ligéann siad domsa gabháil a dhamhsa? Cad chuige?"

Agus leis sin chuala sí glór duine sa seomra. Bhí iontas uirthi nó shíl sí nach raibh ann ach í fhéin. Thiontaigh sí agus cé a chonaic sí ina seasamh i lár an urláir ach siógl bheag mhná! Dúirt an tsióg léi "Ach rachaidh tú a dhamhsa anocht, a Mháire. Rachaidh tú, cinnte." Máire bhocht, níl ann ach nár thit sí i laige! "Ach níl a dhath le caitheamh agam," a dúirt sí. Bhuail an tsióg í le slat draíochta a bhí aici. D'amharc Máire sa scáthán. Ní hiad na seanéadaí globalacha a bhí uirthi níos mó, ach culaithe ghalánta shíoda, agus bróga beaga óir ar a dá cos. "Ach níl aon ghléas taistil agam a bhéarfadh chun an bhaile mhóir mé," a dúirt Máire. Bhuel, bhí nuachtán ina luí ar an tábla agus pictiúr de charr mór galánta ann. Thóg an tsióg a slat draíochta arís agus, i bhfaiteadh na súl, bhí Rolls Royce amuigh ag geata an tí. Bhí pictiúr de George Clooney sa nuachtán forsta. Bhuail an tsióg an tsalt arís agus b'in é fear Hollywood ina sheasamh sa chistin. Bhí éide agus caipín tiománaí air agus é réidh le Máire a thiomáint go dtí an Club Gailf.

"Rud amháin," a dúirt an tsióg. "Bí cinnte agus a bheith ar ais roimh a dó dhéag. Tá mé ag iarraidh George mé a thiomáint abhaile."

Gheall Máire go mbeadh sí ar ais in am maith, agus d'imigh léi chun an bhaile mhóir.

### 4. Bíonn suaitheadh maith de dhíth anois is arís.

Bhuel, bhí achan duine sa Chlub Gailf ag déanamh iontais den bhean dhóighiúil óg seo agus ag iarraidh a dhéanamh amach cé hí fhéin. Bhí Diarmaid Ó Néill ann, mac leis an fhear gnó ba shaibhre i nDún na nGall, agus bhí seisean ag iarraidh labhairt léi chomh maith le duine. Ní dhearna sé ach siúl trasna an urláir go dtí an áit a raibh sí ina suí agus í a iarraidh amach chun damhsa. Chuaigh siad amach ar an urlár agus leoga bhí siad ar bheirt chomh maith is a chonaic tú riamh, i dtaca le damhsa de. Rinne siad dreas eile, agus dreas eile ina dhiaidh sin agus iad ag caint le chéile agus ag amharc isteach i súile a chéile ar feadh an ama. Bhí ag éirí go hiontach maith leofa go dtí damhsa deireanach na hoíche. "Ó, a Dhia!" a dúirt Máire, "Tá sé ag tarraingt ar a dó dhéag! Tá an t-am i gceart agamsa a bheith sa bhaile!"

# Cnámha an Scéil

Agus d'imigh sí léi chomh gasta sin is nach raibh faill aici slán a fhágáil ag Diarmaid. Níor fhág sí a dhath aige ach ceann dá bróigíní a thit di agus í ag imeacht. Fágadh ansin é agus gan a fhios aige cé hí fhéin ná cá háit a raibh sí ina cónaí. Ach bhí sé i ndiaidh nóisean a ghlacadh di, agus gheall sé dó fhéin go bhfaigheadh sé amach.

## 5. An chéim dheireanach an chéim is tábhactaí.

Cúpla lá ina dhiaidh sin bhí na deirfiúracha ina suí thart ag léamh na bpáipéar nuaíochta. Bhí an Donegal Democrat ag bean amháin acu agus bhí sí ag léamh amach giotaí don mhuintir eile. "Éistigí leis seo," a dúirt sí. "Tá Diarmaid Ó Néill chomh craiceáilte sin fán bhean a casadh air oíche an damhsa agus go bhfuil sé ag iarraidh í a phósadh. Deir sé anseo gur fhág sí bróigín beag bídeach ina diaidh agus, cibé bean a chuirfidh a cos sa bhróigín sin, gur ise an bhean atá de dhíth air. Ar chuala sibh a leithéid d'amaidí riamh?"

"An t-amadán! Ní bean álainn a bhí inti ar chor ar bith," a dúirt bean eile de na deirfiúracha.

"Ní raibh sí maith ag damhsa ach oiread," a dúirt an bhean eile.

Mar sin fhéin, rinne na deirfiúracha amach go mbainfeadh siad triail as an bhróigín a chur orthu fhéin. Chuaigh siad go caisleán Dhún na nGall agus thug siad Máire leofa, lena gcuid máláí a iompar. Agus rinne achan bhean acu a dícheall le cos a chur sa bhróigín.

"Arú," a dúirt an chéad bhean acu, "tá seo de mo ghortú. Caithfidh sé gur bróg do bhábaí beag atá inti."

"Níl sé seo ceart," a dúirt an dara bean. "Ní hí seo an bhróg a d'fhág mé i mo dhiaidh. Caithfidh sé gur le bean eile í."

"Spleoid air!" a dúirt an tríú bean. "Níl mise le mé fhéin a chraplú ar mhaithe le Diarmaid Ó Néill agus a chuid puntaí!"

## Cnámha an Scéil

Bhí Diarmaid fhéin i láthair agus d'iarr sé ar Mháire triall a bhaint as. "Máire!" a dúirt na deirfiúracha uilig. "Níl inti sin ach cailín aimsire!" "Mar sin fhéin," a dúirt Diarmaid agus thug an bróigín do Mháire. Bhuel, chuaigh a cos isteach mar a rachadh lámh isteach i miotóg. Tháinig iontas ar na deirfiúracha agus tháinig lúcháir ar Dhiarmaid. "An bpósfaidh tú mé, a Mháire?" "Pósfaidh, ar ndóigh," a dúirt Máire.

Pósadh iad agus tá an bheirt acu go sona sásta i dteach mór taobh amuigh de bhaile Dhún na nGall. Tá an teach chomh mór sin is go bhfuil triúr cailín aimsire de dhíth orthu. Tomhais cé hiad sin!

Críoch.

# Bosca scéalaíochta

CARACHTAR	Cé hé/hí laoch an scéil?
CARACHTAIR EILE	Cé eile atá sa scéal? Cé hé an 'drochdhuine' nó na 'drochdhaoine'?
TRÉIMHSE AMA	Cá huair a thiteann an scéal amach?
ÁIT	Cén áit a bhfuil an scéal suite?
PRÍOMHEACHTRAÍ	Caidé a tharlaíonn sa scéal?
FADHB	Caidé na deacraí agus na fadhbanna atá ag na carachtair sa scéal?
CRÍOCH	Caidé mar a chuirtear deireadh leis an scéal? Deireadh sona? Deireadh brónach?

## Páistí ag scéalaíocht

Pioc scéal a bhfuil eolas maith ag an bheirt agaibh air.	'An dtig leat scéal Ainnir na Gruaige Finne agus na dTrí Bhéar a inse domh?'
Iarr ar an pháiste toiseacht ag fíorthús an scéil.	'Bhí trí bhéar ann uair amháin.'
Dírigh aird an pháiste ar rudaí ar leith sa scéal.	'Agus cad chuige ar tháinig Ainnir na Gruaige Finne go dtí teach na dtrí bhéar?'
Bí ag cur ceisteanna a chuvideoidh léi cuimhne a choinneáil ar an scéal.	'Agus caidé a tharla nuair a shuigh sí ar chathaoir an Bhéirín Bhig?'
Bí ag tabhairt leideanna di má éiríonn an scéal rud beag casta di.	'Bhris an chathaoir, nár bhris? Agus chuaigh Ainnir na Gruaige Finne suas an staighre go dtí na seomraí leapa. Agus caidé an chéad leaba ar luigh sí síos uirthi?'
Má théann an páiste amú sa scéal, abair rud inteacht le í a chur ar an bhealach cheart arís.	'Ach níor tháinig na béis chun an bhaile láithreach bonn, ar tháinig? Caidé a tharla ar dtús?'
Bí á moladh go minic le huchtach a thabhairt di.	'Bhí an scéal sin iontach maith. Go raibh maith agat as a inse domh.'

## Casadh sa scéal

Is iontach an sult agus an greann a bhaineann páistí as an seort seo scéalaíochta. Thig le duine ar bith 'casadh' a chur i seanscéal, de réir mar a fhóireann dó fhéin.

- Thiocfadh na carachtair a thiontú ina n-ainmhithe nó ina gcréatúirí ó phláinéad inteacht i bhfad ar shiúl, nó fiú amháin daoine den teaghlaigh a chur ina n-áit.
- Thig carachtair bhreise a chur leis an scéal.
- Thig plota an scéil a athrú cibé dóigh a bheifeá ag iarraidh.
- Thig an áit agus an t-am ina dtiteann an scéal amach a athrú ar fad.
- Thig an scéal a insint ó dheardadh eile ar fad.

Mar shampla:

Níl fáth ar bith nach dtitfeadh scéal na dTrí Mhuicín Bheaga amach fá uisce. Thiocfadh na trí rón bheaga a bheith ann in áit Na dTrí Mhuicín Bheaga, nó fiú amháin, Na trí mhuicín mhara. Thiocfadh ochtapas mór gortach a dhéanamh den mhac tíre. Thiocfadh leofa tithe a dhéanamh den fheamainn, de shliogán nó d'adhmad ó longa báite...

Thiocfadh 'An Prionsa a bhí ina Fhog' a athrú ar an dóigh chéanna go dtí 'An Prionsa a bhí ina Dhamhán Alla'. Sa scéal bunaidh, pógann an banphrionsa é agus déanann fear de arís. Ní chaithfidh sibhse cloí leis sin. Caidé mar a bheadh an scéal dá bpógfadh an frog an banphrionsa agus frog a dhéanamh de?


Agus i dtaca le 'Ainnir an tSuain Phada' cuir i gcás nach ina codladh a bhí sí ar chor ar bith le linn an ama sin, ach ag srannfach nó ag sraothartach!



# Puipéid a dhéanamh


## Puipéad stoca:

1. Seo mar a dhéantar na súile agus an gaosán: faigh cnaipí nó píosaí ciorcalacha de pháipéar daite agus greamaigh den stoca iad.
2. Faigh píosa páipéir agus gearr teanga nó béal amach as.
3. Má tá tú ag iarraidh go mbeadh gruaig ar chloigeann an phuipéid, thig olann nó fionnadh a ghreamú den stoca.



## Puipéad a dhéanamh de thiúbán cairtchláir:

1. Le gliú nó le seilitéip, clúdaigh an tiúbán le páipéar daite. Seo é corp an phuipéid.
2. Thig cibé ornáidí atá de dhíth ort a ghreamú den phuipéad nó a tharraingt.
3. Faigh píosa eile páipéir agus gearr ciorcal mór amach as. Seo é cloigeann an phuipéid agus beidh aghaidh le tarraingt air.
4. Greamaigh an cloigeann de chorp an phuipéid.
5. Thig neart rudaí eile a chur ar an phuipéad, má tá tú ag iarraidh, mar shampla, olann fá choinne gruaige, gealra agus araile.





## Ag Scéalaíocht



I rith na seachtaine, déan iarracht roinnt ama a chur ar leataobh chun gréas scéalaíochta a dhéanamh le do pháiste. D'fhéadfá triail a bhaint as rudaí éagsúla ar nós 'an síscéal trína chéile', nó scéal a bhfuil ach ann.

Caidé na scéalta is maith leat a inse do do pháiste fhéin?

---

---

Caidé na scéalta is mó a bhfuil dúil ag an pháiste fhéin iontu?

---

---

An nglacann an páiste páirt sa scéalaíocht in am ar bith?

---

---

An mbeadh an páiste ábalta an scéal a inse i ndiaidh é a chluinstin?

---

---

Cé hiad na caractair is mó a bhfuil dúil ag an pháiste iontu?

---

---


An dtig leis an pháiste cur síos ar thús, lár agus ar dheireadh scéil?

---

---







## Canúint Uladh

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,  
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,  
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.  
Teil. (065) 6824819

